**Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge**

‘Cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024-2030 agus earcú na bhfostaithe dátheangacha a bheidh de dhíth fud fad na Seirbhíse Poiblí’

Ráiteas Tosaigh an Choimisinéara Teanga

(Seomra Coiste 3 (TL2000), Teach Laighean – 14 Iúil 2026)

A Chathaoirligh, agus a chomhaltaí uile an choiste,

Gabhaim buíochas leatsa agus le baill uile an choiste as an gcuireadh a theacht in bhur láthair chun plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024-2030 agus earcú foirne atá inniúil i nGaeilge sa tSeirbhíse Phoiblí.  I mo theannta anseo inniu tá Séamus Ó Coileáin, Stiúrthóir na hOifige, Eibhlín de Paor, Bainisteoir Imscrúduithe agus Maggie Ní Chadhain, Bainisteoir Oibríochtaí m’Oifige.

**An Plean Náisiúnta**

Den chéad uair riamh i stair an Stáit leagadh amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 go bhforbrófaí plean reachtúil náisiúnta trína ndéanfaí comhordú ar straitéis náisiúnta an Stáit chun seirbhísí poiblí i nGaeilge a fheabhsú. Leagadh cúram faoin reachtaíocht teanga leasaithe ar an gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge an Plean Náisiúnta sin a ullmhú agus a fheidhmiú.  Clochmhíle shuntasach a bhí i seoladh an Phlean i Mí Dheireadh Fómhair 2024.  Tá scóip agus téagar an Phlean Náisiúnta le moladh. Luaitear cúig mhór-théama straitéiseacha sa bPlean a chuirfear i bhfeidhm trí dhá phlean gníomhaíochta ar leithligh.  Foilsíodh an chéad cheann de na pleananna sin don tréimhse 2026 – 2028 an 20 Eanáir 2026.

**An Coiste Comhairleach**

Is coiste reachtúil é an Coiste Comhairleach a bhunaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i Meitheamh 2022 leis an bPlean Náisiúnta a fhorbairt agus fheidhmiú. Is faoi Chathaoirleacht na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta a reáchtáiltear an Coiste agus tá 10 gcomhalta eile air freisin. Tá ionadaíocht ar an gCoiste ó eagraíochtaí stáit atá lárnach i bpleanáil agus i bhfeidhmiú bheartas poiblí na seirbhíse poiblí in Éirinn. Chomh maith leis sin is comhlachtaí poiblí iad na baill atá ag soláthar cuid de na seirbhísí poiblí is forleithne agus is mó a bhfuil éileamh an phobail orthu.  Is dualgas reachtúil de mo chuid é tráchtaireacht a dhéanamh ar obair an Choiste Chomhairligh agus tá mo chuid tráchtaireachtaí do na tréimhsí 20 Meitheamh 2022 – 31 Nollaig 2023 agus Eanáir – 31 Nollaig 2024 faoi seach á gcur ar fáil agam leis an ráiteas tosaigh seo (Aguisín 1 agus Aguisín 2).

**Pleanáil Fórsa Saothair**

Tá géarghá le fo-thionscadal pleanála fórsa saothair naisiúnta a chur sa siúl (Aguisín 3) gan mhoill mar chroíchuid den Phlean Náisiúnta lena chinntiú go mbeidh dóthain foirne ag a bhfuil inniúlacht i nGaeilge á n-earcú chun críoch na forála earcaíochta 20%.  Caithfidh an tionscadal pleanála fórsa saothair sin cur chuige córasach a leagan síos trína sainneofar na cineálacha rólanna, gráid agus an líon foirne a theastóidh leis na seirbhísí poiblí a leagfar síos faoi chóras na gcaighdeán teanga a chur ar fail. Is den bunriachtanas é freisin go snífear gníomhaíochtaí earcaíochta foirne ag a bhfuil inniúlacht i nGaeilge isteach i bpleanáil eagraíochtúil agus fórsa saothair na gcomhlacht poiblí, a bhfuil breis is 500 acu ann, a thagann faoi scáth na reachtaíochta teanga.

Léiríonn figiúirí náisiúnta a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais agus Athchoiriúcháin Seirbhíse Poiblí go raibh 408,895 duine i bhfostaíocht leis an tSeirbhís Phoiblí i ndeireadh na bliana 2024. Méadú 13,309 fostaí ar an meán in aghaidh na bliana a tháinig ar an tSeirbhís Phoiblí idir 2018 agus 2024. Forordaítear le leasú ar an Acht

teanga a chuimsítear san Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2024, a achtaíodh ar an gcéad lá d'Iúil 2026, gur féidir baill foirne a fhaigheann ardú céime laistigh de chomhlacht poiblí a áireamh anois freisin chun críoch na forála earcaíochta 20%. Fiú leis an soláthar breise foirne is féidir a áireamh mar thoradh ar an leasú seo, léiríonn na figiúirí thuasluaite maidir leis an méadú a thagann ar líon na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí gach bliain go bhfuil géarghá ann anois an tionscadal pleanála agus earcaíochta fórsa saothair thuasluaite a chur sa siúl ar bhonn náisiúnta gan mhoill.

**Cur Chuige Córasach Earcaíochta in Easnamh**

Níl aon fhianaise chrua á feiceáil ag m'Oifig i láthair na huaire, áfach, go bhfuil earcú foirne atá inniúil i nGaeilge chun críoch na forála earcaíochta 20% ag tarlú ar bhonn comhordaithe agus náisiúnta. Gan ach sampla praiticiúil amháin a lua, tuairiscíodh i dTuarascáil an Choiste Chomhairligh don tréimhse Meitheamh 2022 – Nollaig 2023 gur 411 iarratasóir a chuir isteach ar 7 gcomórtas lenar bhain riachtanas d'inniúlacht i nGaeilge a reáchtáil Poist Phoiblí don Státseirbhís i gcaitheamh 2022 agus 2023. Ar bhonn comparáide leis an mbliain ina dhiaidh sin, 2024, thuairiscigh an Coiste Comhairleach gur 205 iarratasóir a chuir isteach ar chomórtais Ghaeilge sa Státseirbhís. Dá réir sin ní féidir a ríomh ó na figiúirí go bhfuil aon dul chun cinn á dhéanamh ar earcú foirne atá inniúil i nGaeilge a fhad agus a bhaineann sé le comórtais earcaíochta na Státseirbhíse, cé go bhfuil an fhoráil earcaíochta 20% i bhfeidhm ó Mheitheamh 2022.

Tá géarghá ann anois breathnú go fuarchúiseach ar fheidhmiú na forála earcaíochta 20% i gcomhthéacs straitéis náisiúnta an rialtais maidir le forbairt na seirbhíse poiblí in Éirinn sna blianta beaga amach romhainn. Chuige sin, tá straitéis shonrach ag an rialtas dar teideal: Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis Chlaochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2030. Is é an bhunaidhm atá ag an Straiteis seachadadh seirbhísí poiblí a fheabhsú ar mhaithe le freastal ar riachtanais chomhaimseartha shochaí na hÉireann. Tá an straitéis seo ailínithe freisin le Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030.

**Páirtithe Leasmhara Náisiúnta a thabhairt ar bord**

Bunaíodh Bord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí (PSLB) in 2018 chun ceannaireacht straitéiseach fhoriomlán a sholáthar d'fhorbairt agus do nuálaíocht na seirbhíse poiblí ar fud na seirbhíse poiblí. Tá ionadaíocht ar an mBord ó Ranna Rialtais agus ó raon leathan eagraíochtaí seirbhíse poiblí. Anuas air seo tá ról lárnach agus leanúnach ag an Rannán um Sheachadadh Claochlaithe Seirbhíse Poiblí (Public Service Transformation Delivery Unit) laistigh den Roinn Caiteachais agus Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí le pleanáil fórsa saothair agus eagraíochtúil a threorú ar fud na seirbhíse poiblí. Níl m'oifig tar éis aon fhianaise a fheiceáil, áfach, gur iarradh ar na páirtithe leasmhara náisiúnta seo ról ceannaireachta a ghlacadh i bhfeidhmiú na forála earcaíochta 20% i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach a bhunaigh Aire na Gaeltachta i Meitheamh 2022 d'fhonn forbairt agus feidhmiú an Phlean Náisiúnta.

Creidim go láidir gur chóir don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, trí fheidhmeanna an Choiste Chomhairligh, achainí a dhéanamh ar Bhord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí (PSLB) agus ar na rannáin phleanála chuí laistigh den Roinn Caiteachais agus Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí a ngualainn a chur leis an gcéachta chun fíorú na forála eacraíochta 20% a chinntiú. Mura dtarlóidh sé sin, tá riosca mór ann dar liom go bhfeicfear cliseadh córasach i bhfeidhmiú an Phlean Náisiúnta i gcomhthéacs na gcuspóirí náisiúnta a leagadh síos dó i reachtaíocht na hÉireann. D'fhéadfadh sé gurbh é an toradh céanna a bheadh ar an bPlean Náisiúnta ar deireadh agus an toradh a bhí ar chóras na scéimeanna teanga, córas, cuimhnígí, a bhí dírithe ar chur go mór le líon na seirbhísí poiblí a bhí ar fáil i nGaeilge. Is é sin, córas leathbhruite, scaoilte gan aon chomhordú náisiúnta a bhí i gcóras na scéimeanna teanga, agus tá toradh a easnaimh le féiceáil sna manntanna tromchúiseacha atá i seirbhísí poiblí i nGaeilge go fóill.

Fágann an mhoill shuntasach atá ar bhunú chóras na gcaighdeán teanga go bhfuil bunchloch Phlean Náisiúnta 2024 an Rialtais chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí i

nGaeilge fós gan réiteach. Ba í mí na Nollag 2024 an spriocdháta reachtúil chun córas na gcaighdeán teanga a thabhairt i bhfeidhm. Cé gur maith ann an leasú a rinneadh leis an Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2024 go leanfaidh feidhm le scéimeanna teanga go dtí go dtiocfaidh córas na gcaighdeán teanga i bhfeidhm, níl i gcóras na sceimeanna teanga ach sop in ait na scuaibe maidir leis an idirbheartaíocht a theastaíonn anois le bonn seasmhach a chur faoi sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán i nGaeilge.  Is minic le comhlachtaí poiblí a bheith i dteagmháil le m’Oifig agus iad ag áiteamh go bhfuileadar ag feidhmiú i bhfolús cheal fhoilsiú chóras na gcaighdeán teanga agus gan treoir shonrach lárnach a bheith á fháil acu maidir le feidhmiú na forála earcaíochta 20%.

Beidh ról criticiúil freisin ag earnáil na hollscolaíochta Gaeilge agus ag córas na Gaelscolaíochta trí chéile chun a chinntiú go bhfuil sruth leanúnach d’acmhainn dhaonna ar fáil d’fhonn fíorú na forála earcaíochta 20% a chinntiú.  Tá leibhéal an tsoláthair ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht á imscrúdú ag m’Oifig faoi láthair agus beidh tuarascáil ar leith le foilsiú ar an ábhar seo i bhFómhar na bliana seo.

Mar fhocal scoir, táim dóchasach gur féidir leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus leis gCoiste Comhairleach dul i ngleic leis na rioscaí suntasacha thuasluaite maidir le dea-fheidhmiú an Phlean Náisiúnta.  Tá cinntí criticiúla le déanamh anois áfach maidir leis na socruithe cuí a chinnteoidh é sin a fheidhmiú gan tuilleadh moille.  Táim tar éis tuilleadh mionchíortha a dhéanamh ar na hábhair thábhachtacha atá faoi chaibidil againn anseo inniu i mo Thuarascáil Bhliantúil do 2025 a thug mé ar lámh don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta ar 10 Aibreán 2026.

Go raibh maith agat, a Chathaoirlaigh agus a Chomhaltaí, as bhur n-éisteacht.